

❖ An Lúibín ❖
31 Mí na Bealtaine 2006



Tuirseach de theangacha

Irish school students don't merely dislike Irish – they don't like doing other languages either. And Australia is no better.

Más fíor do shuirbhé nua, ní ar Ghaeilge amháin atá gráin ag daltaí scoile in Éirinn ach ar gach teanga eile chomh maith.

Tá tuarascáil foilsithe ag an Institiúid um Thaighde Geilleagrach agus Sóisialta (ESRI) faoin dearcadh atá ag daltaí dara bliain i leith foghlaim teangacha, agus thaispeánann sí gurb í an Ghaeilge an t-ábhar ba lú a thaitin le timpeall 32% den 900 dalta sa suirbhé. Na daltaí sna sruthanna íochtaracha ní dhearna ach 22% díobh Gaeilge ar chor ar bith. Shíl na daltaí go raibh Fraincis agus Gaeilge ar na hábhair ba dheacra, in éineacht le matamaitic agus le heolaíocht; b'fhearr leo Gaeilge, Fraincis agus Gearmáinis a sheachaint ar fad.

Dream eile a bhfuil an-suim acu sna torthaí seo is ea an Chomhairle Náisiúnta um Churaclam agus Mheasúnacht (NCCA). Tá siad tar éis taighde dá gcuid féin a dhéanamh agus anois tá siad ag smaoineamh ar dhá churaclam Gaeilge a thabhairt isteach de réir an chumas teanga atá ag daltaí difriúla, cé nach bhfuil an NCCA sásta le 'sruthú' na ndaltaí i gcoitinne.

Tá dearcadh na ndaltaí i leith teangacha an-chosúil leis an dearcadh atá ag a leithéidí i dtíortha labhartha Béarla eile, an Astráil mar shampla. Má tá neart teangacha á labhairt sa tír seo is í an inimirce is mó is bun leis, ach más le Béarla a tógadh thú is annamh a bheadh luí agat le teanga eile. Tá sé de nós san Astráil 'teanga nach Béarla í' (Indinéisís, Fraincis nó Iodáilis, mar shampla) a mhúineadh ón mbunscoil amach, rud nach ndéantar in Éirinn (cé gur coitianta an scéal in Iarthar Eorpa trí chéile é). Ba dheacair a rá gur mór an rath a bhí ar an múineadh seo san Astráil, cé go bhfuil mionlach ann a bhaineann leas as.

Tá tábhacht ar leith le dearcadh na dtuismitheoirí, agus is róchuma le mórán acu faoin scéal. Ní dócha go dtiocfaidh athrú mór air sin lenár linn – ach níor chuir *An Lúibín* deireadh dúile de go fóill.



Bás na mionchanúintí

Little-spoken dialects of Irish are dying unrecorded.

Go fiú na ndaoine a ghlacann leis gur as na cathracha a thiocfaidh an chéad ghlúin eile de chainteoirí dúchais (tuairim a ndearna *An Lúibín* tagairt di cheana) bheadh cumha ar chuid acu agus iad ag léamh píosa le Alex Hijmans in *Foinse* le déanaí.

Deir sé go bhfaighidh ceithre mhionchanúint Ghaeilge bás i gceann 10 nó 20 bliain toisc go bhfuil formhór a gcuid cainteoirí os cionn na trí scór. Tá ceithre cinn eile i mbéala báis agus a laghad páistí atá á dtógáil le Gaeilge sna ceantair sin.

Iontach le rá, níl na canúintí seo taifeadta go fóill, cé go bhfuil práinn leis anois. Ina measc tá canúint Fhánada, iarsma dheireanach den Ghaeilge a bhíodh le cloisteáil in oirthear Thír

Chonaill. Deir duine de na cainteoirí dúchais sin go bhfuil sé ag cailleadh a chuid Gaeilge toisc nach bhfuil aon duine eile fágtha chun í a labhairt leis. Níl fágtha den seanphobal Gaeilge ach cúpla teaghlach. Bhí an imirce in ndán do mhórán de bhunadh na háite agus síleadh gur mó an gá a bhí le Béarla; níorbh fhiú leo Gaeilge a labhairt lena gclann.

Ba é an scéal céanna acu ar Oileán Acla é. Mar a dúirt cainteoir dúchais ón áit sin: ‘Dá mba rud é go mbeadh lánfhostaíocht ar fáil in Acaill síos tríd na blianta bheadh Gaeilge fós againn’. B’fhéidir é: ach tá an anachain déanta agus na focail ag feo.



Gaeilge le deora

Enda Kenny, leader of Fine Gael, has proposed that Irish be made optional at the Leaving level. This proposal has been attacked by many. Yet he and his opponents are in substantial agreement. Irish should be retained at the secondary level (even if only as an optional subject) and its teaching should be drastically reformed.

Más díospóireacht faoi Ghaeilge a dhéanamh roghnach sa Mheánteist a bhí ó Éanna Ó Cionnaith, ceannaire Fhine Gael, tá sí faighte aige, go fiú mura bhfuil mórán céille ag baint le cuid di. Tá Conradh na Gaeilge i gcoinne an mholta, agus ghríosaiigh sin Ó Cionnaith chun a rá go raibh blas rópholaitiúil ar a bhfeachtas siúd – rud a dúirt mórán polaiteoirí roimhe seo i dtaobh an Chonartha. Dúirt sé nach raibh an Conradh leath chomh sásta an Rialtas a ionsaí faoi bheartas a raibh de thoradh air daoine óga a fhágáil gan labhairt na teanga, rud nach fíor ar fad.

I ndáiríre, tá Ó Cionnaith agus a naimhde ar aon intinn ar a lá slite. Is beag duine nach n-aontódh leis agus é á rá gur gá múineadh na teanga a athchóiriú agus eolas fóna ar an teanga a thabhairt don aos óg – rud nach bhfuil á dhéanamh faoi láthair. Níl aon amhras ná go bhfuil an ceart ag Ó Cionnaith nuair a deir sé go bhfuil díomá ar mhórán tuismitheoirí toisc nach bhfuil ag éirí lena gclann bunús na Gaeilge a thabhairt leo ón scoil. (Tá mórán tuismitheoirí eile ann, gan dabht, agus gan aon suim mhór acu sa scéal.) Is léir nach mór an curaclam a athrú agus béim a chur ar labhairt na teanga seachas ar ghramadach thur. Deir Ó Cionnaith féin gur léir óna bhfuil ar siúl i measc an phobail go bhfuil rath i ndán don Ghaeilge ach nach mór leasú a dhéanamh sa rang.

Cén fáth, mar sin, go bhfuil argóint agus díspeagadh ann? Toisc gur mhaith le Fine Gael gan an teanga a mhúineadh ach amháin do na daltaí sin a bheadh sásta í a fhoghlaim le fonn ag leibhéal na Meánteiste. Bheadh cead ag an gcuid eile (an mhórchuid) í a ligean ar lár.

Ní mór a rá, dála an scéil, go bhfuil an rogha seo déanta ag na mílte cheana agus an scéal mar atá. Sin iad na daltaí a dhéanann staidéar ar an nGaeilge gan suim ar bith acu inti agus a roghnaíonn gan an scrúdú a dhéanamh. Éiríonn leis na mílte eile an teanga a sheachaint ar fad. D’fhéadfá a rá, mar sin, go nglacann leithéidí Uí Chionnaith leis an saol mar atá sé.

Ar an taobh eile deirtear gur ceart deis a thabhairt do gach dalta an teanga a dhéanamh sa Mheánteist. Bheadh an deis sin le fáil i gcóras leasaithe Finegaelach, áfach, díreach mar atá anois. Is é an difríocht atá ann gur diúltú rúnda atá i gceist faoi láthair: deir Fine Gael go gcuirfidís rogha oifigiúil ar fáil. Is díol spéise é, mar sin, an t-athrú intinne a d’fhéadfadh feabhsú múinteoireachta a dhéanamh.



Gaeilge aduaidh

Panu Höglund, a Finn, knows seven languages, and one of them is Irish. He has used it prolifically on the Internet for fiction, translation and discussion. A look at the man and his oeuvre.

Cé hé Panu Petteri Höglund? Fear teangacha ón bhFionlainn a d’fhoghlaim Gaeilge, a bhfuil

canúint Ultach go paiteanta aige, a bhfuil neart ábhair foilsithe aige ar an Idirlíon: fear atá ina eiseamláir den scata sin nach bhfuil baint acu le hÉirinn ó dhúchas ach ar éirigh leo máistreacht a fháil ar an teanga. Is beag duine acu, áfach, a bheadh chomh torthúil le Panu: tá úrscéal scríofa aige agus aistriúcháin ó Fhionlainnis agus ó Rúisis déanta aige. Agus tá na teangacha aige gan aon agó, ní nach ionadh agus baint aige le Sualainniseoirí na Fionlainne (mionlach suntasach) agus le lucht labhartha Fionnlainnise féin. An dá theanga atá i gceist anseo tá siad chomh difriúil le Laidin agus Seapáinis: tá Sualainnis gaolmhar le Béarla ach baineann Fionlainnis leis na teangacha Fionn-Ugracha, ar nós Ungáirise, Tuircise agus a lán eile.

Rugadh Höglund sa bhliain 1966, agus (mar a deir sé) ba í an cheimic ba mhó a chuir draíocht air ar scoil. Conas a tháinig sé ar an nGaeilge?

Bhí sintiús ag mo mhuintir le seachtaineán ina raibh stair na fichiú haoise á plé, agus b'ansin a léigh mé an chéad trácht ar Éirí Amach na Cásca agus ar an ról a bhí ag an nGaeilge agus ag Conradh na Gaeilge sna himeachtaí. B'iad tuismitheoirí mo mháthara a thóg mé, agus iad ag baint leis an chéad ghlúin de mhuintir na tuaithe a fuair ardoideachas as Fionlainnis - múinteoirí bunscoile a bhí iontu. Ón taobh eile de, tá Sualainnis ó dhúchas ag m'athair, agus mar sin, bhí súil ar leith agam ar shaol an mhionlaigh áirithe sin san Fhionlainn. Go bunúsach, tá dhá chineál Sualainniseoirí sa tír seo: iad siúd a bhaineann leis na seanteaghlaiigh sna cathracha, agus iad saibhir go minic; agus iad siúd a thagann ó na ceantair Shualainnise faoin tuath nó ar fud an chósta, agus iad an-chosúil le muintir na Gaeltachta, ar bhealach. Is leis an dara dream a bhaineann m'athair. Mar sin, fuair mé bá nádúrtha le cúis na Gaeilge ó thaobh na dtaobhann - ghlac muintir mo mháthar páirt in athbheochan na Fionlainnise, agus tháinig ciall do chás na mionlach teanga agam ó mhuintir m'athar.

Nuair a bhí mé ceithre nó cúig bliana déag d'aois, chonaic mé clár faisnéise ar theilifís na Fionlainne faoi chruachás comhaimseartha na Gaeilge, i dtús na n-ochtóidí. Bean Fhionlannach a rinne an clár, agus sílim go raibh sí pósta ar fhear ó Éirinn. Bhuel, ós rud é gurb iomaí comhchosúlacht a d'aithin mé idir Éirinn agus cás mo tíre féin, is ar éigean a d'fhéadfainn gan suim éigin a chur sa teanga seo, agus réamheolas áirithe agam cheana féin.

Ar nós Fionlainniseoirí óga eile d'fhoghlaim sé Sualainnis agus Béarla ar scoil; chuaigh sé ar ollscoil Shualainnise na Fionlainne agus thosaigh ag bailiú teangacha eile chuige - Gearmáinis, Polainnis, Rúisis. D'fhoghlaim sé Íoslainnis freisin 'mar chaitheamh aimsire' agus chuir Fionlainnis ar cheithre leabhar sa teanga sin. Faoin am seo bhí socair aige ar rud eile a dhéanamh; nuair a chonaic sé cé chomh réidh is a thagadh na teangacha leis chinn sé, mar a deir sé, 'ar mo sheanaisling a chur i gcrích agus Gaeilge a fhoghlaim'.

D'aithneofa ar an toirt agus an saothar Höglundach á léamh agat cé chomh dílis is atá an chanúint do sheanchaint Dhún na nGall. I ndáiríre, níl sé cúngaigeanta sna cúrsaí seo:

Bíonn na daoine ag fáil locht ar an gCaighdeán ó am go ham, ach níl sé go ródhona mar chaighdeán, ar acht go n-úsáideann an scríbhneoir nathanna agus dul na cainte atá múnlaith ar Ghaeilge na nGaeltachtaí éagsúla. Tá scríbhneoirí Galltachta ann agus iad ag iarraidh foclóir agus foirmeanna canúnacha a aithris le súil is go mbeadh Gaeilge cheart na Gaeltachta ann, ach ansin bíonn droch-chomhréir ag cuid acu a chuireann na hiarrachtaí sin ar neamhní go hiomlán. Is fearr liomsa an Caighdeán a úsáid mar fhráma, agus na rudaí a chuirim isteach san fhráma sin a bheith bunaithe ar an léitheoireacht chuimsitheach a rinne mé ar scríbhneoireacht agus ar bhéaloideas na Gaeltachta.

Tá úrscéal don aos óg foilsithe ag Höglund ar an Idirlíon: *Tachtamis an Grá sin*. Ar nós an údair, tá sé neamhchoitianta: scéal a phléann téamaí dorcha agus atá scríofa i nGaeilge a thástáladh cumas an ghnáthléitheora óig. B'fhiú é a fhoilsiú i bhfoirm leabhair, ach is furasta a thuiscint mar sin féin cén fáth a seachnódh na foilsitheoirí é. Scéal moráltachta atá ann i ndáiríre, scéal a thaispeánann daoine óga á mealladh ag an taobh is suaraí de chúrsaí craicinn i gcathair san Fhionlainn agus iad ag iarraidh (nó ag diúltú) teacht ar ais ar bhealach a leasa. Cuirtear an mhaistíneacht ag an

leithcheal in iúl go neamhbhalbh, ach tagann tuiscint agat ar na príomhphearsana agus ar a gcás. Tá an grá á thachtadh ag an atuirse, ag an míthuiscint, ag an doicheall; ach ar shlí amháin nó ar shlí eile tagann sé chuige féin.

Le traidisiún áirithe réalachais a bhaineann an scéal seo, traidisiún atá garbh gan a bheith graosta, agus a bhfuil gaoth fheanntach ag teacht aduaidh dá dhroim. Má tá gruaim ann tá greann ina teannta.

Agus é ag tarraingt ar ais ar a bhloc árasán féin bhain Somhairle amach páirc na geluichí, agus é ag dul thart léi feadh an chlaí cláraí. Cé go rabh an tráthnóna ag teannadh amach ar a naoi a chlog, bhí na soilse os cionn rinc an oighir ar bharr lasrach, agus na hacadóirí óga á dtraenáil ansin go fóill. Mhóthaigh Somhairle a gcuid glórtha ag scaoileadh mionnaí móra mímhúinte le chéile. D'éirigh le foireann amháin an poc a shá i gcúl na coda eile - agus nach dlúth ramhar a rinneadh an t-aer ansin le heascainí an taoibh a bhí thíos leis. Tháinig leamhgháirí ar bhéal Somhairle agus é ag smaoinéamh ar an fheachtas bolscaireachta ar an teilifís ar láthair na huaire: na heagraíochtaí lúthchleasaíochta is cluichíochta ag maíomh as an tsárobair a bhíodar a dhéanamh ag tógáil na n-áibhirseoirí óga le suáilcíl Oilimpeacha na seanGhréige, gan aon trácht a dhéanamh ar chothrom na Féinne. Nó *fair play*, mar ab fhearr leo a rá, ag aithris ar uaisle na Sasana a chuir bun le cultúr spóirt ár linne, más fíor.

Is iomaí léitheoir fásta a mbainfeadh an scéal stad as, mar sin féin, de bharr an léargais ghruama a thugtar ar chroí an duine. Saothar é ba dheacair a dhíriú ar aon dream ar leith ach a tharraingeoidh a chuid léitheoirí féin chuige.

Tá aistriúcháin ann freisin agus ficsean eolaíochta de chuid na Fionlainne san áireamh. Faoi láthair faigheann formhór na nGaeilgeoirí eolas ar litríochtaí an domhain trí Bhéarla amháin. B'fhiú d'Fhoras na Gaeilge foireann ilteangach a chur ag soláthar an tsaibhris ach bheidís faoi bhráca go bás. Táimid faoi chomaoin ag an té a chuireann de dhua air féin léargas a thabhairt go fiú ar mhionscríbhneoirí tíre eile.

Is minic Höglund le fáil saite i ndíospóireacht Ghaeilge ar an Idirlíon; ní cheileann sé a aigne ar an saol, agus sárshampla é den Ghaeilgeoir nua a imíonn le scód ar an ngréasán domhanda.

Thugann Panu Höglund a aghaidh ar an saol atá anois ann, ach tar éis na mbeart is duine é nár shocraigh síos ann:

I bhFionlainn na mbliantach a chuaidh thart atá m'fhiordhúchas. Níl mé ag maíochtáil gur fearr í ná an Fhionlainn atá, ach is amhlaidh gur tír iasachta í dar liom Fionlainn an lae inniu. Agus is féidir gurb é an t-advantag seo a phronn orm an dúil seo sna teangthacha iasachta agus sna tíortha coimhthíocha: ní mó m'advantag i gcéin ná san Fhionlainn. Más strainséir mé thall, is strainséir mé abhus fosta.

Táim buíoch de Phanu Höglund as an eolas pearsanta a thug sé dom i gcomhair an ailt seo. Tá a shuíomh Idirlín le fáil ag: <http://www.geocities.com/Athens/8308/>.



Éalaitheach

Kapka Kassabova is a New Zealander from Bulgaria who knows three languages and has written in two of them. But (she wonders) which of them is truly hers?

Is iomaí duine atá in ann teanga neamhdhúchasach a stealladh go lánlíofa agus go fiú le cruinneas. Scéal eile, is dócha, teanga den saghas sin a scríobh. De rogha a dhéanann scríbhneoirí éigin é, gan rogha ar bith a dhéanann scríbhneoirí eile é. An té a thagann ó chríoch eile agus flosc chun scrioblála fós air caithfidh sé athrú níos bunúsach a dhéanamh ann féin, díreach toisc gur meabhrú, machnamh agus mothú atá i gceist agus go gcaithfidh sé cruth ealaíonta a chur ar an

gcuid is doimhne de féin. Go fiú an té nach bhfuil aon ardchuspóir aige sna cúrsaí seo ní mór dó dúthracht a chaitheamh leis an uirlis nua.

Fíorscríbhneoir is ea Kapka Kassabova, bean a rugadh sa Bhulgáir agus atá ag siúl na réigiún ó theanga go teanga ó shin. Tharla sa Nua-Shéalainn í faoi dheireadh, agus anuraidh scríobh sí píosa do *Landfall* 210.¹ Tosaíonn sí leis na focail seo: ‘Rugadh mé i m’éalaitheach agus i mo thaistealaí...’.

Nuair a chríochnaigh sí a cuid bunscolaíochta sa Bhulgáir bhí rogha le déanamh aici:

Nuair a bhí sé in am meánscoil a roghnú chuir mé isteach ar an scoil Bhéarla. Ach ní raibh mo mharcanna sa scrúdú iontrála maith go leor agus ar éigean a d’éirigh liom an scoil Fhraincise a bhaint amach. Is fada scoileanna ann sa Bhulgáir mar a múintear an cheimic, an bhitheolaíocht, an stair agus a leithéidí go dátheangach. An chéad lá ag an Lycée Française chuir ár múinteoir Madame Lambrova in iúl dúinn gur Fraincis amháin a labhrófaí as sin amach. Nuair a ghearánamar go lagmhisniúil nach raibh focal den teanga inár bpluc, dúirt sí ‘Sin é an fáth go díreach’ agus lean uirthi ag labhairt Fraincise ar feadh an lae. Fágadh inár staic sinn. An cailín a bhí taobh liom bhí sí curtha thar a riocht aige – thosaigh sí ag snagaíl go ciúin, ansin rinne sí cac. Bhí ar a máthair teacht faoina coinne.

Sheas Kassabova an fód: faoi dheireadh an chéad bhliain bhí labhairt na Fraincise go paiteanta aici agus bhí sí ag léamh Sartre agus Camus. Rinne seo deoraí di cé nár dheoraí i ndáiríre í: duine a raibh máistreacht aici ar theanga agus gan ghreim aici ar an gcré a ghin an teanga sin: ‘Smaoineamh ba ea an Fhrainc agus ní áit, agus choinnigh mé greim air faoi mar gur chrios iompar airgid é’.

Lean sí uirthi ag saothrú na Bulgáirise, teanga an anama, ach sna hochtóidí chaith sí cúpla bliain i Sasana, í ag dul ar scoil ann agus ag dul i dtaithí ar theanga eile; ar ais go dtí a tír dhúchais ansin, áit a raibh an saol ag dul i ndonas. Bhí súil ag a muintir go mbeadh caoi acu cur fúthu i Sasana, ach b’fhada iad ag fanacht, agus faoi dheireadh tairgeadh post acadúil sa Nua-Shéalainn dá hathair, post a ghlac sé le fonn. An Béarla roimpi arís, agus cathair bheag Dunedin, áit leamh neamhchorraitheach dar léi.

Bhí filíocht foilsithe agam sa Bhulgáir ag an am, agus bhí mé ag smaoineamh, ag brionglóidí agus ag scríobh i mBulgáiris go fóill. Ach de réir mar a thosaigh an ceangal le Sasana agus leis an mBulgáir ag dul i laige rith sé liom gur shocrú buan é seo, agus gur saol imircigh i dtír labhartha Béarla ar imeall an domhain a bheadh agam as sin amach.

Bhí Kossakova ina scríbhneoir fós: ina croí istigh bhí teanga nua roghnaithe aici agus bhí sí ar bior chun í a úsáid. Ach dhíol sí as.

De bharr mo chuid deifreach bhí mé gafa idir dhá theanga. Bhí Bulgáiris tréigthe agam i mo chuid scríbhneoireachta ach ní raibh mé in ann tairbhe a bhaint as Béarla. Fágadh gan focail mé.

Rud é seo a d’fhág an-suaite í nó gur tháinig síciatraí i gcabhair uirthi; ansin thosaigh sí ag léamh go díocasach i mBéarla agus tháinig úsáid na teanga léi dá réir. Ach deir sí nach féidir scaradh leis an gcuid den saol is luaithe agus is bunúsaí, saol na hóige agus é á chur in iúl trí theanga na hóige: an leanbh ag scrúdú an tsaoil, ag faire na séasúr.

Scríobhaim i mBéarla ach i mBulgáiris atá an chuimhne atá agam ar na duilleoga taise fómhair úd. Sin é an fáth nach mbeadh ionam choíche ach tionónta i dteach an Bhéarla. Sin é an fáth freisin a mbím ag bogadh ó áit go háit ar thóir baile eile, cé gur follasach nach ann dó.

¹ *Landfall*, Issue 210, Nov. 2005, University of Otago Press, Dunedin



BLOOMSDAY

Tá **Bloomsday** le ceiliúradh i Melbourne ar **16 Meitheamh 2006**. Seachnóidh cuid againn é mar a sheachnaímid Lá 'le Pádraig, agus fáilteoidh cuid eile roimh scáil an tSeoighigh. Bíonn éileamh ar an ócáid, agus is ciallmhar an rud é áit a chur in áirithe go moch. Glaoigh ar Bob Glass – 03 9898 2900.

I mbliana beidh Reiviú ann: *Never a Crossword: A Joycean Review in Nine Clues* – meascán d'ábhar ó *Uiliséas* agus ó *Thórramh Uí Fhinneagáin*, le hamhráin agus le rince.

16 Meitheamh 2006:

1.30 pm: *Never a Crossword: A Joycean Review in 9 Clues*, á stiúradh ag Brenda Addie.

McCulloch Gallery, 8 Rankins Lane (as Little Bourke Street)

Táille: \$30

3.30 pm: Tae Iarnóna.

Max's Café Bar and Restaurant, 56-58 Hardware Lane (as Little Bourke Street)

Táille: \$5

4.00 pm: Seimineár - *Joyce and Language*

McCulloch Gallery, 8 Rankins Lane

Seimineáraigh:

Peta Logan: *Listing Love's Loves: Joyce as Grocer's Assistant*

An Dr Dymphna Lonergan: *Irish Language in James Joyce*

Philip Harvey: *Language According to Joyce*

Táille: \$20

6.00 pm: Suipéar

Max's Café Bar and Restaurant, 56-58 Hardware Lane Cost \$35

8.15 pm: Seó an Tráthnóna - *Never a Crossword: A Joycean Review in Nine Clues*

McCulloch Gallery

Táille: \$30

Na himeachtaí uile: \$80

Beidh sleachta as saothar an tSeoighigh le cloisteáil in áiteanna difriúla timpeall Bay Street, Port Melbourne, in éineacht le drámaí sráide.

Féach: <http://www.deakin.edu.au/arts/bloomsite>

Comórtas Filíochta Brendan Kennelly

Urraithe ag Independent News and Media

Gné d'Fhéile Samhraidh Brendan Kennelly, Béal Átha Longfoirt, Co. Chiarraí, 10-13 Lúnasa 2006.

Na Breithiúna:

- Paddy Bushe, file, cnuasaigh éagsúla aige i mBéarla agus i nGaeilge, ina measc *The Nitpicking of Cranes* (Dedalus, 2004) agus *Gile na Gile* (Coiscéim, 2005);

- Jo O'Donoghue, comhúdar ar *Brewer's Dictionary of Irish Phrase and Fable* (Orion, 2004) agus foilsitheoir le Currach Press, Baile Átha Cliath.

Céad duais: E1500 + dhá dhuais de E500 an ceann.

Rialacha

1. Iontráiltear dán amháin i mBéarla nó i nGaeilge 2. Táille riartha €10 le gach iontráil.

3. Ní ceadaithe an dán a bheith réamhfoilsithe nó ina dhuaisdán i gcomórtas eile.

4. Is ag na breithiúna atá an focal deiridh, agus ní ghlacfar páirt i bplé ná i gcomhfhreagras ar a geinneadh.

5. Dicháileofar canbhasálaithe láithreach.

6. Ní cheadaítear iontráil a athrú tar éis a iontrála.

7. Ní sheolfar iontrálacha ar ais.

8. Is cóir iontrálacha a bheith clóscríofa ar thaobh amháin den bhileog, agus ar pháipéar bán.

9. Is cóir ainm agus sonraí teagmhála an iontrálaí a bheith ar leathanach ar leith. Ní cóir ainm ná sonraí pearsanta a bheith ar an leathanach céanna leis an dán ar aon chúinse.

10. Spriocdháta iontrála: 30 Meitheamh 2006.

Is cóir iontrála a sheoladh sa phost go dtí:

An Riarthóir, Féile Samhraidh Brendan Kennelly, Béal Átha Longfoirt, Co. Chiarraí.

Ó Phádraig Mac Fhearghusa, file agus eagarthoir, a fuarthas an t-eolas seo.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil cuir teachtaireacht dá réir chun: ColinG.Ryan@ato.gov.au.

Colin Ryan